

---

# Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath

Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 [www.gsnp.ie](http://www.gsnp.ie) [oifig.gsnp@gmail.com](mailto:oifig.gsnp@gmail.com)

---

A Thuismitheoir, a chara,

6-3-12

Is é polasaí na scoile é an clár Bí Sábháilte a mhúineadh do ghach uile rang gach bliain. Is é an aidhm atá ag an gclár Bí Sábháilte ná scileanna sábháilteachta pearsanta a mhúineadh do na leanaí le go mbeidh siad in ann aire a thabhairt dóibh féin ar ócáidí a bheadh contúirteach nó a chuirfeadh as dóibh. Ar dtús, pléann an clár ócáidí coitianta a bhaineann le formhór na leanaí ina saol m.sh. ag dul amú, bulaíocht. Chomh maith leis sin, múineann an clár na scileanna sábháilteachta atá ag teastáil ó leanaí chun iad féin a chosaint ó dhrochíde choirp agus ó dhrochíde ghnéis. Go bunúsach, múineann an clár do leanaí insint do dhuine fásta faoi aon ní a bheadh ag cur as dóibh.

Is comhfhiontar é an clár Bí Sábháilte idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte agus tá tacaíocht na bpáirtnéirí go léir san Oideachas aige. Tá comhoibriú idir múinteoirí agus tuismitheoirí riachtanach chun go n-éireoidh leis an gclár.

Tá sé tábhachtach go mbeidh eolas ag tuismitheoirí ar a bhfuil i gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeidh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid leanaí. Tá an t-eolas ar fad ar fáil ar an suíomh ghreasáin <http://staysafe.ie/parents.htm>

Más mian leat aon ghné den chlár seo a phlé liom, ní gá ach glaoch a chur ar an oifig.

Le dea-mhéin,



Carmel Ní Chatháin

---

# Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath  
Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 [www.gsnp.ie](http://www.gsnp.ie) [oifig.gsnp@gmail.com](mailto:oifig.gsnp@gmail.com)

---

Dear Parent,

6-3-12

It is the policy of this school to teach the Stay Safe programme to each class each year. The aim of the Stay Safe programme is to teach children personal safety skills so they can look after themselves in situations which could be upsetting or dangerous. It deals initially with common situations which most children will experience at some stage or other, e.g. getting lost or being bullied. The programme also teaches children the safety skills necessary to protect themselves from physical or sexual abuse. Essentially the programme teaches children to tell a trusted adult about any problems they may have.

The Stay Safe programme is a joint initiative between Departments of Health and Education and has been endorsed by all the partners in Education. Co-operation between parents and teachers is essential to the success of this programme.

It is important that parents are aware of the content of the Stay Safe lessons and are able to discuss the lessons with their children. The information for parents is available on the website <http://staysafe.ie/parents.htm>

If you wish to discuss any aspect of this programme with me please do not hesitate to call the office.

Beir bua is beannacht,



Carmel Ní Chatháin